

Ráitis Airgeadais

an

Údaráis Náisiúnta Iompair

*don tréimhse 13 mhí ó
1 Nollaig 2009 (Dáta Tosaithe) go 31 Nollaig 2010*

Údarás Náisiúnta Iompair

Ráitis Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

Clár Ábhair

Leathanach

| | |
|---|---------|
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí | 1 |
| Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 2 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste | 3 - 4 |
| Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 5 - 6 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 7 |
| Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána | 8 |
| Clár Comhardaithe | 9 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 10 |
| Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais | 11 - 29 |

Údarás Náisiúnta Iompair

Ráiteas ar Fhreagrachtaí

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

Cuireadh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar bun ar 1 Nollaig 2009 tar éis díscaoileadh Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath le héifeacht ó 1 Nollaig 2009 faoi théarmaí an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Aistríodh cearta maoinne, dliteanais agus oibleagáidí de chuid Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath chuig Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath faoi théarmaí an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. D'achtaigh an tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 athrú ainm ó Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath go dtí an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

Faoi théarmaí an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 (arna leasú ag an Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009), tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú don tréimhse 1 Nollaig 2009 go dtí 31 Nollaig 2010 ionas léargas fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Údaráis Náisiúnta Iompair ar an 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus caiteachas don tréimhse dár críoch sin a sholáthar.

Ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, tá sé de dhíth ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- a lua cibé an bhfuiltear tar éis caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a leanúint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair i mbun feidhme.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as leabhair chuntais chearta a choinneáil a nochtann staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Iompair le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus le cur ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach

Dáta:

Stiúrthóir

Dáta:



Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Údarás Náisiúnta Iompair

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de chuid an Údaráis Náisiúnta don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2010 faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, arna leasú. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú de réir na mbeartas cuntasafóichta leagtha amach iontu, an Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóichta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí eile a ghabhann leo. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn na ráiteas airgeadais a bheith á n-ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus ag teacht leis an gCleachtas Cuntasafóichta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú dtugann siad tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé d'fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh tagraim do na breithnithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú comhlachtaí Stáit.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeán Eiticiúla de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhiráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaos nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasafóichta feiliúnach do chúinsí an Údaráis, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go fónta

- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasafóichta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Tuairim i leith na ráiteas airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú go cuí de réir na gCleachtas Cuntasafóichta a nGlactar leo Go Coitianta in Éirinn, tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis ar 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don tréimhse dar críoch ansin.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí coinnte ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Nithe a ndéanaim Tuairisciú de réir Eisceachta orthu

Tuairiscim de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara i gcaitheamh m'iniúchadh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha a leagadh síos ina leith nó sa chás nár ghéill idirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúlacht an Údaráis leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, nó
- sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a ndéantar tuairisciú orthu de réir eisceachta.

John Buckley
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Deireadh Fómhair 2011

Údarás Náisiúnta Iompair

Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

De réir mar a éilíonn an Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, thar cheann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair, déanaim, mar Chathaoirleach an Údaráis Náisiúnta Iompair, an ráiteas seo a leanas bunaithe ar an athbhreithniú déanta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn a iniúchta.

Cuireadh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar bun ar 1 Nollaig 2009 tar éis discaoileadh Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath le héifeacht ó 1 Nollaig 2009 faoi théarmaí an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Aistríodh cearta maoine, dliteanais agus oibleagáidí de chuid Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath chuig Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath faoi théarmaí an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. D'achtaigh an tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 athrú ainm Údaráis Iompair Bhaile Átha Cliath go dtí an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

Sa tréimhse 13 mhí suas go 31 Nollaig 2010, bhí comhaltaí de chuid Bord an Údaráis Náisiúnta Iompair freagrach as a chinntiú gur cothaíodh agus gur feidhmíodh córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú lán dearfach a thabhairt go raibh sócmhainní cosanta, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus gur cuireadh cosc le neamhrialtachtaí nó earráidí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil.

Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Bhí bearta glactha de láimh ag Bord an Údaráis Náisiúnta Iompair chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha maidir le rialú a thuairisciú; agus,
- gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.

Bhí an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áiríodh na nithe seo a leanas ann ach go háirithe:

- córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a bhí athbhreithnithe agus comhaontaithe ag an mBord;
- athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ag léiriú feidhmíocht airgeadais;
- leagan amach spriocanna chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe um infheistíocht chaipitil sainmhínithe go soiléir;
- disciplíní bainistíochta tionscadail foirmiúla.

Cheap an tÚdarás Náisiúnta Iompair Iniúchóir Inmheánach i Lúnasa 2010. Bhunaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair Coiste Iniúcháireachta in 2010 a d'fheidhmigh faoi théarmaí tagartha comhaontaithe.

Imeachtaí Iar-Chláir Chomhardaithe

Ar 1 Eanáir 2011 comhchuimsíodh an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe san Údarás Náisiúnta Iompair. Cheap Ionstraim Reachtuil Uimh. 614 de 2010 an 1 Eanáir 2011 mar an lá le haghaidh lánscoir an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialuithe inmheánacha airgeadais don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2010.

Sínithe thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair

Cathaoirleach

Dáta:

Údarás Náisiúnta Iompair

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste

..... ar lean

Údarás Náisiúnta Iompair

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste

..... ar lean

...

Údarás Náisiúnta Iompair

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

Tréimhse na gCuntas – Bunú an Údaráis Náisiúnta Iompair

De réir mar dhéantar cur síos air i Ráiteas an Chathaoirligh ar leathanach 2, cuireadh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar bun ar 1 Nollaig 2009 tar éis discaoileadh Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath ar an dáta céanna. Baineann figiúirí na tréimhse reatha a tuairiscítear sna cuntais don Údarás Náisiúnta Iompair leis an tréimhse 13 mhí dar tús 1 Nollaig 2009 agus dar críoch 31 Nollaig 2010. Díscaoileadh Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath le héifeacht ó 1 Nollaig 2009 faoi théarmaí an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. D'achtaigh an tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 athrú ainm Údaráis Iompair Bhaile Átha Cliath go dtí an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Aistríodh fostaithe agus sócmhainní agus dliteanais uile de chuid Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath chuig an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi théarmaí an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 (arna leasú ag an Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009).

Bunús na Cuntasaíochta

Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú faoin modh fabhráithe cuntasaíochta, ach amháin mar atá sonraithe anseo thíos, i gcomhréir le cleachtais a nglactar i gcoitinne leo faoi na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais atá molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta agus a nglactar leo de réir mar a chuirtear ar fáil iad. Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoilú an Aire Airgeadais.

Sócmhainní seasta doláimhsithe – Scéim Ticéadaithe Comhtháite

Tá caiteachas ar dhearadh agus cur chun feidhme na Scéime Ticéadaithe Comhtháite le hamúchadh thar an tréimhse agus táthar ag súil go mbainfidh an tÚdarás tairbhe as. Tá súil le dáta tosaithe oibriúcháin na scéime i lár na bliana 2011.

Dímheas agus sócmhainní seasta inláimhsithe

Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir a gcostais nó luachála stairiúil, lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir méid chothroim, ag na rátaí leagtha amach thíos, ríofa chun na sócmhainní coigeartaithe le haghaidh luacha iarmharaigh a dhíscríobh thar a saolré úsáidigh mheasta:

| | | |
|-------------------------|---|------------------|
| Samhail tráchta | - | 10% Méid cothrom |
| Trealamh ríomhaireachta | - | 25% Méid cothrom |
| Troscán & feistis | - | 10% Méid cothrom |
| Trealamh DBT | - | 25% Méid cothrom |

Déantar dímheas ar an tSamhail Tráchta de réir a costais bhunaidh mar aon le haon bhreiseanna, thar a saolré úsáideach measta. Is léargas iad breiseanna sa tréimhse ar chostas tuarastail an phearsanra atá tiomanta d'fhorbairt na samhla. Ghlac Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath ceannas ar an tSamhail Tráchta arna fhorbairt ag Tionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath ar 9 Samhain 1995 de réir luachála athsholáthair de €1,777,633 agus áiríodh mar shócmhainn í sna ráitis airgeadais.

Deontais an Oireachtais

Cuimsíonn deontais an Oireachtais suimeanna leithdháilte ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le haghaidh riaracháin, DBT (Deontais Bainistíochta Tráchta), Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Infheistíochta Caipitil. Ríomhtar maoiniú a sholáthraíonn an Roinn don Scéim Ticéadaithe Comhtháite faoin Infheistíocht Chaipitil bunaithe ar an toimhde go ndéanann an ÚNI ath-éileamh ar CBL ar an gcaiteachas gaolmhar.

Deontais le haghaidh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Infheistíochta Caipitil

Aithnítear caiteachas sa bhliain bunaithe ar mhéideanna íoctha amach le deonaithe.

Údarás Náisiúnta Iompair

Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóichta

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

Ioncam Eile

Tugtar cuntas ar ioncam eile agus ranníocaíochtaí ag comhlachtaí eile ar bhonn fabhrúithe.

Pinsin - Scéim Ranníocaíochta Sainithe

Is ionann na costais phinsean a ngearrtar sna ráitis airgeadais agus an ranníocaíocht iníoctha ag an Údarás Náisiúnta Iompair i rith na tréimhse faoina scéim pinsean ranníocaíochta sainithe. Ní fhabhraítear aon dliteanas eile i leith an Údaráis Náisiúnta Iompair faoin scéim.

Pinsin - Scéim Shochair Shainithe

Feidhmíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair scéim shochair shainithe neamh-mhaoinithe a mhaoínítear go bliantúil ar bhonn foc mar a théann tú le hairgead a sholáthraíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Cuirtear an scéim i ngníomh ar bhonn riaracháin, mar a cheadaíonn an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an tAire Airgeadais, ag feitheamh ar fhaomhadh na scéime ón mbeirt Aire.

Is léargas iad costais phinsean ar shochair phinsin tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsean foirne a aisíoctar leis an Roinn. Tomhaistear dliteanais phinsean ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh na n-aonad creidmheasa réamh-mheasta. Aithnítear méid comhfhreagrach don muirear pinsean mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais faighte sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a urscaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó athruithe ar thoimhdí Achtúireacha agus ó farasbairr agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid inghnóthaithe ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Léiríonn dliteanais phinsean luach reatha de chuid íocaíochtaí pinsean na todhchaí tuillte ag comhaltaí foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsean iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Cuntas Caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus an méid ioncaim gan amúchadh curtha i bhfeidhm chun críocha caipitil. Maoínítear sócmhainní seasta, atá inláimhsithe agus doláimhsithe araon, ó ioncam deontais. Aistrítear an maoiniú sin chuig an gcuntas caipitil, agus déantar amúchadh air ar aon dul le dímheas na sócmhainní seasta. Taifeadtar an glanmhaoiniú atá aistrithe chuig an gcuntas caipitil agus an t-amúchadh gaolmhar sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Airgeadra

Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

13 mhí go dtí

31/12/10

€

Nótaí

Ioncam

Deontais an Oireachtais

| | | |
|--|------|-------------|
| - Maoiniú infheistíochta caipitil | 1 | 309,935,678 |
| - Maoiniú na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) | 1.1 | 283,402,980 |
| - Riarachán, DBT & Taisteal Níos Cliste | 1.2 | 50,154,792 |
| Rannfócaíochtaí ó chomhlachtaí eile | 2 | 118,995 |
| Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin | 12.2 | 316,000 |
| Ioncam eile | 3 | 3,127,189 |

647,055,634

Aistriú (chuig) Cúlchiste Caipitil 17.2 (4,956,434)

Ioncam Iomlán

642,099,200

Caiteachas

| | | |
|---|----|---------------|
| Caiteachas na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) | 4 | (283,402,980) |
| Caiteachas infheistíochta caipitil | 5 | (305,055,466) |
| Bainistíocht tráchta & tionscadail eile | 7 | (45,652,306) |
| Caiteachas eile i ndáil le deontas | 8 | (3,436,708) |
| Costais foirne | 9 | (2,821,507) |
| Costais phinsean | 12 | (323,829) |
| Costais chóiríochta oifige | 10 | (466,150) |
| Costais riaracháin eile | 11 | (971,959) |

(642,130,905)

Caiteachas Iomlán

(Easnamh) don tréimhse

(31,705)

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Cathaoirleach

Stiúrthóir

Dáta:

Dáta:

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána
don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

| | Nótaí | 13 mhí go dtí 31/12/10 € |
|---|-------|--------------------------------|
| (Easnamh) don tréimhse | | (31,705) |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsean | 12.3 | 67,000 |
| Athruithe ar thoimhdí atá mar bhunús le luach reatha na ndliteanas scéime pinsean | | (17,000) |
| Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais pinsean | 12.1 | 50,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú pinsean iarchurtha | | (50,000) |
| (Easnamh) aitheanta iomlán don tréimhse | | (31,705) |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Cathaoirleach

Dáta:

Stiúrthóir

Dáta:

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Clár Comhardaithe
amhail ag 31 Nollaig 2010

| | Nótaí | 31/12/10 € |
|---|-------|-------------------|
| Sócmhainní Seasta | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 13 | 40,592,038 |
| Sócmhainní inláimhsithe | 14 | 637,469 |
| | | <u>41,229,507</u> |
| Sócmhainní Reatha | | |
| Féichiúnaithe | 15 | 1,981,149 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 1,213,208 |
| | | <u>3,194,357</u> |
| Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 16 | 3,177,888 |
| Glansócmhainní/(Dliteanais) Reatha | | <u>16,469</u> |
| Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha roimh phinsin | | 41,245,976 |
| Dliteanais Phinsean | 12.1 | (266,000) |
| Maoiniú pinsean iarchurtha | 12.2 | 266,000 |
| Glansócmhainní/(Dliteanais) | | <u>41,245,976</u> |
| Maoinithe ag | | |
| Cúlchiste Caipitil | 17 | 41,229,507 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 18 | 16,469 |
| | | <u>41,245,976</u> |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóchta agus Nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Cathaoirleach

Stiúrthóir

Dáta:

Dáta:

Údarás Náisiúnta Iompair

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

| | | 13 mhí go dtí 31/12/10 |
|---|-----------|---------------------------|
| | Nótaí | € |
| Imréiteach an fharasbairr/(easnamh) oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | |
| (Easnamh) oibriúcháin | | (31,705) |
| Aistrithe Cúlchiste Caipitil – sócmhainní seasta inláimhsithe | | 76,222 |
| Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe | | 175,393 |
| (Brabús)/cailteanas ar dhiúscairt na sócmhainní seasta inláimhsithe | | 15,164 |
| (Méadú)/Laghdú i bhféichiúnaithe | | (1,981,149) |
| Méadú/(Laghdú) i gcreidiúnaithe | | 3,177,887 |
| | | <hr/> |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 1,431,812 |
| | | <hr/> |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | | |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 1,431,812 |
| Farasbarr ó Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath ag 1 Nollaig 2009 | | 48,174 |
| Cánachas | | - |
| Caiteachas caipitil chun sócmhainní inláimhsithe a ghnóthú | 22 | (266,778) |
| | | <hr/> |
| Méadú/(Laghdú) in airgead tirim sa tréimhse | | 1,213,208 |
| | | <hr/> |
| Imréiteach an tsreafa airgid ghlan le gluaiseacht i bhfiachas glan | | |
| Méadú/(Laghdú) in airgead tirim sa tréimhse | | 1,213,208 |
| | | <hr/> |
| Glanchistí ag 31 Nollaig 2010 | 23 | 1,213,208 |
| | | <hr/> |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Cathaoirleach

Stiúrthóir

Dáta:

Dáta:

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

1. Deontais an Oireachtais – Maoiniú na hInfheistíochta Caipitil

13 mhí go dtí
31/12/10
€

| | |
|---|-------------|
| Iarnród Éireann (Nóta 6) | 194,515,346 |
| An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród | 109,844,506 |
| Ticéadú Comhtháite na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród (Nóta 13) | 4,880,212 |
| Eile | 695,614 |
| | <hr/> |
| | 309,935,678 |
| | <hr/> |

1.1. Deontais an Oireachtais – Maoiniú na Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)

13 mhí go dtí
31/12/10
€

| | |
|-----------------|-------------|
| Iarnród Éireann | 159,497,070 |
| Bus Átha Cliath | 77,741,563 |
| Bus Éireann | 46,164,347 |
| | <hr/> |
| | 283,402,980 |
| | <hr/> |

1.2. Deontais an Oireachtais – Riarachán, DBT agus Taisteal Níos Cliste

13 mhí go dtí
31/12/10
€

| | |
|---------------------------------|------------|
| Deontas riaracháin | 3,852,893 |
| Deontais bainistíochta tráchta | 45,614,978 |
| Ioncam um Thaisteal Níos Cliste | 686,921 |
| | <hr/> |
| | 50,154,792 |
| | <hr/> |

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

2. Ranníocaíochtaí ó chomhlachtaí eile

| | 13 mhí go dtí 31/12/10 € |
|--|--------------------------------|
| <i>(ranníocaíochtaí i dtreo costais oibriúcháin)</i> | |
| C.I.É | 30,344 |
| An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta | 4,760 |
| An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid | 9,520 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 29,746 |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin | 11,900 |
| Comhairle Contae Átha Cliath Theas | 11,900 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 11,900 |
| Comhairle Contae Chill Mhantáin | 2,975 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 2,975 |
| Comhairle Contae na Mí | 2,975 |
| | <hr/> |
| | 118,995 |
| | <hr/> |

Baineann na ranníocaíochtaí anseo thuas le mí na Nollag 2009. Tháinig deireadh leis na ranníocaíochtaí seo le héifeacht ó 31 Nollaig 2009.

3. Ioncam Eile

| | 13 mhí go dtí 31/12/10 € |
|--|--------------------------------|
| Ioncam na samhla | 18,390 |
| Ioncam ilghnéitheach | 719 |
| Ús faighte | 12,293 |
| Ioncam na Scoileanna Glasa (Nóta 24) | 1,997,960 |
| Maoiniú AE | 352,366 |
| Maoiniú oifige Iompar 21 de chuid Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 745,461 |
| | <hr/> |
| | 3,127,189 |
| | <hr/> |

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

4. Caiteachas na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)

13 mhí go dtí
31/12/10
€

| | |
|-----------------|-------------|
| Iarnród Éireann | 159,497,070 |
| Bus Átha Cliath | 77,741,563 |
| Bus Éireann | 46,164,347 |
| | <hr/> |
| | 283,402,980 |
| | <hr/> |

Rinne an tÚdarás íocaíochtaí le Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann le haghaidh soláthair seirbhísí PSO (Oibleagáid Seirbhíse Poiblí) a bhfuil gá leo ar bhonn sóisialta ach atá neamh-inmharthana ó thaobh airgeadais de. Feidhmíonn na seirbhísí seo faoi Chonarthaí Seirbhíse Poiblí idir an tÚdarás agus an 3 chuideachta agus rinne an tÚdarás na híocaíochtaí ó airgead arna sholáthar ag an Oireachtas.

Áirítear sa chaiteachas agus sa mhaoiniú gaolmhar dhá mhéid íochta díreach ag an Roinn le grúpa CIÉ a chuimsíonn íocaíocht fheidhmíochta €7.5 milliún i ndáil leis an gceathrú ráithe de 2009 agus íocaíocht €20.7 milliún go luath in 2010. Rinneadh na híocaíochtaí úd díreach le grúpa CIÉ toisc nach raibh na córais riachtanacha gníomhach go hiomlán ag an tráth sin san Údarás Náisiúnta Iompair nuabhunaithe.

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

5. Caiteachas na hInfheistíochta Caipitil

13 mhí go dtí
31/12/10
€

Iarnród Éireann (Nóta 6)
An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid
Eile

194,515,346
109,844,506
695,614

305,055,466

Tabhair faoi deara:

Baineann an difríocht idir maoiniú na hInfheistíochta Caipitil de €309.9m caiteachas na hInfheistíochta Caipitil de €305.06m le caiteachas infheistíochta caipitil na Scéime Ticéadaithe Comhtháite (€4.88m) atáthar tar éis a chaipitliú (Nóta 13)

Na mór-thionscadail chaipitil a maoiníodh ná:

Líne B1an Luas - Coill na Silíní

€ m

37.05

Líne A1 an Luas – Iarthar na Cathrach

27.44

Meitreo Thuaidh

14.80

Línte iarnróid Dhún Búinne / na hUaimhe

57.30

Rothstoc Eile (GDA)

38.20

Tionscadal Bealaigh Chill Dara

33.10

Athchomharthaíocht Lár na Cathrach

17.50

DART Faoi Thalamh

13.50

6. Infheistíocht Chaipitil – Líne Iarnróid Dhún Búinne

Rinneadh íocaíocht €12 milliún le hIarnród Éireann go luath i mí na Nollag 2010 i ndáil le gnóthú éigeantach maoinne le haghaidh Líne Iarnróid Dhún Búinne agus an próiseas eadrána neamhspleách a bhaineann leis. Cuireadh an próiseas eadrána i gcrích in 2011. Bhí costais deiridh an ghnóthaithe éigeantaigh measta ag €20m. Íocfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair na costais bhreise i ndáil leis an tionscadal.

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

| | |
|---|---|
| 7. Bainistíocht Tráchta & Tionscadail Eile | 13 mhí go dtí 31/12/10 € |
| <i>(deontais do chomhlachta saincheaptha)</i> | |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 5,396,093 |
| Tionscadail QBN | 8,632,463 |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin | 10,170,442 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 5,705,268 |
| Comhairle Contae Átha Cliath Theas | 4,018,230 |
| Comhairle Contae Chill Mhantáin | 3,202,156 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 954,152 |
| Comhairle Contae na Mí | 1,024,094 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 107,185 |
| | <hr/> |
| | 39,210,083 |
| | <hr/> |
| | 13 mhí go dtí 31/12/10 € |
| <i>(costais riaracháin na bainistíochta tráchta)</i> | |
| Tuarastail Tionscadail ÚNI | 58,333 |
| Costais tuarastail straitéiseach | 49,071 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – costais oifige tionscadail QBN | 2,083,946 |
| Táillí gairmiúla agus comhairleacht | 804,925 |
| Dímheas ar threalamh DBT | 37,186 |
| | <hr/> |
| | 3,033,461 |
| | <hr/> |
| Bus Átha Cliath – Córas um Shuíomh Uathoibríoch Feithicle | 3,408,762 |
| | <hr/> |
| Iomlán na gCostas i ndáil le Bainistíocht Tráchta & Tionscadail Eile | 45,652,306 |
| | <hr/> |

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

8. Caiteachas Deontais Eile

13 mhí go dtí
31/12/10
€

| | |
|---|-----------|
| Costais um Thaisteal Níos Cliste | 686,921 |
| Ioncam na Scoileanna Glasa íoctha (Nóta 24) | 1,997,958 |
| Costais oifige Iompar 21 de chuid | 745,461 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 6,368 |
| Eile - BAPTS | |
| | <hr/> |
| | 3,436,708 |
| | <hr/> |

9. Fostaithe

13 mhí go dtí
31/12/10
€

Costais fostaíochta (ag eisiamh costais phinsean - Nóta 12)

| | |
|---|-----------|
| Pánna agus tuarastail | 2,670,461 |
| Earcaíocht agus oiliúint foirne | 34,747 |
| Táillí agus costais na gComhaltaí Boird | 116,299 |
| | <hr/> |
| | 2,821,507 |
| | <hr/> |

Líon iomlán daoine fostaithe ag an ÚNI i gcaitheamh na tréimhse: 33

Tá 21.7 comhalta foirne ar fáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, a bhfuil na costais dá gcuid íoctha ag an Roinn féin.

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

9.1 Tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

13 mhí go dtí
31/12/10
€

Tuarastal don tréimhse 13 mhí
Scéimeanna pá i gcoibhneas le feidhmíocht

189,143

-

Iomlán

189,143

Is ionann tuarastal bliantúil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus €179,659. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Lena chois sin, fuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin táille Boird €13,020. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina bhall de scéim phinsean seirbhíse poiblí nach dtéann a theidlíochtaí thar na teidlíochtaí caighdeánacha faoin scéim.

9.2 Táillí na gComhaltaí Boird

13 mhí go dtí
31/12/10
€

Táillí na gComhaltaí
Ráiteas an Chathaoirligh

90,437

22,320

112,757

Áirítear na táillí seo a leanas i dtáillí na gComhaltaí Boird: Linda Saunders Uasal €13,020, an tUas. Gerry Murphy €13,020, Valerie O'Reilly Uasal €9,476, Berna Grist Uasal €13,020, an tUas. Frank King €13,020, Margaret O'Shaughnessy Uasal €8,978, an tUas. Damien Usher €13,020, an tUas. James Deegan €6,883 agus an tUas. John Fitzgerald €22,320.

9.3 Costais

13 mhí go dtí
31/12/10
€

Comhaltaí Boird
Cathaoirleach

3,467

75

3,542

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

10. Costais chóiríochta oifige

13 mhí go dtí
31/12/10
€

| | |
|-----------------------------|----------|
| Cóiríocht | 454,871 |
| Solas agus teas | (17,902) |
| Glanadh | 23,366 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | 5,815 |
| | <hr/> |
| | 466,150 |
| | <hr/> |

11. Costais riaracháin eile

13 mhí go dtí
31/12/10
€

| | |
|--|---------|
| Árachas | 23,687 |
| Muirir athlonnaithe | 48,976 |
| Priontáil, postas agus páipéarachas | 43,348 |
| Guthán agus idirlíon | 18,018 |
| Caiteachas TF | 132,797 |
| Sonraí agus mapáil GIS | 47,105 |
| Dímheas ar an samhail tráchta | 75,946 |
| Dímheas ar throscaín agus feistis | 8,228 |
| Dímheas ar threalamh ríomhaireachta | 54,033 |
| Taisteal agus cothabháil | 16,217 |
| Costais chruinnithe | 7,106 |
| Leabharlann agus sintiúis | 23,897 |
| Costas tionscadail - teicniúil | 31,123 |
| Táillí gairmiúla agus comhairleacht | 356,315 |
| Fógraíocht agus promóisean | 16,936 |
| Táillí iniúchóireachta | 38,313 |
| Costais ghinearálta | 12,201 |
| Táillí bainc | 2,549 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | 15,164 |
| | <hr/> |
| | 971,959 |
| | <hr/> |

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

12. Costais phinsean

Reáchtálann an tÚdarás Náisiúnta Iompair scéim shochair shainithe neamh-mhaoinithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a théann tú ó airgead arna sholáthar ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Cuirtear an scéim i ngníomh ar bhonn riaracháin, mar a cheadaíonn an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an tAire Airgeadais, ag feitheamh ar fhaomhadh na scéime ón mbeirt Aire. Tá an scéim bunaithe ar scéim aoisliúntais samhla na Roinne Airgeadais. Tá tromlach d'fhostaithe an Údaráis ina gcomhaltaí den scéim seo.

Tá triúr fostaí ina gcomhaltaí de scéim ranníocaíochta sainithe, a sainmhínítear sonraí dá chuid mar seo a leanas:

Scéim ranníocaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair

Reáchtálann an tÚdarás Náisiúnta Iompair scéim ranníocaíochta sainithe do thriúr dá chuid fostaíthe. Gearrtar na ranníocaíochta infíochta sna ráitis airgeadais agus ní léiríonn said ach an dliteanas atá ag an Údarás Náisiúnta Iompair don scéim úd. Ní thabhraíonn an tÚdarás dliteanas ar bith eile.

Anailís na gcostas pinsean iomlán gearrtha ar chaiteachas

| | |
|--|--------------------------------|
| | 13 mhí go dtí 31/12/10 € |
| <u>Scéim pinsean shochair shainithe</u> | |
| Costais seirbhíse reatha | 299,000 |
| Ús ar dhliteanas na scéime pinsean | 17,000 |
| <u>Scéim pinsean ranníocaíochta sainithe</u> | |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra | 7,829 |
| | <hr/> |
| | 323,829 |
| | <hr/> |

12.1 Gluaiseacht i nglandliteanas pinsean i rith na tréimhse airgeadais

| | |
|---|----------------|
| | 31/12/10 € |
| Costais seirbhíse reatha | 299,000 |
| Ús ar dhliteanas na scéime pinsean | 17,000 |
| (Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach | (50,000) |
| | <hr/> |
| Glandliteanas Pinsean ag 31 Nollaig 2010 | 266,000 |
| | <hr/> |

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

12.2 Maoiniú pinsean iarchurtha

Aithníonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin ar bhonn sraith toimhdí ag Nóta 12.4 agus roinnt imeachtaí a tharla roimhe seo. Áiríonn na himeachtaí seo an bonn reachtúil atá le bunú na scéime pinsean agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastacháin bliantúil. Níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ag comhlíonadh suimeanna dá leithéid de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas mar a bhí an glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin aitheanta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 13 mhí go dtí 31/12/10 € |
|--|--------------------------------|
| Maoiniú inghnóthaithe maidir le costais pinsean na bliana reatha | 316,000 |
| Deontas stáit curtha i bhfeidhm chun pinsinéirí a foc | - |
| | <u>316,000</u> |

B'ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin ag 31 Nollaig 2010 agus €266,000.

12.3 Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 31/12/10 € |
|--|-----------------|
| Oibleagáidí sochair shainithe | 266,000 |
| (Gnóthachain) / Caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime | <u>(67,000)</u> |
| Céatadán na ndlitéanas scéime | <u>(25.2)%</u> |

Tá an gnóthachan achtúireach carntha aitheanta sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána cothrom le €50,000.

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

12.4 Cur síos ginearálta ar an scéim shochair shainithe

Is ionann na scéimeanna agus socruithe pinsean sochair shainithe um thuarastal deiridh le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainmhíniú le tagairt do rialacháin scéime reatha “samhlacha” na hearnála poiblí. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus leanaí. De ghnáth is é 65ú breithlá an chomhalta an Gnáthaois Scoir agus tá daoine atá ina gcomhaltaí ón tréimhse roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 ar aghaidh. Is iondúil go mhéadaíonn pinsin in íocaíocht (agus iarchur) ar aon dul leis an mboilsciú tuarastail i gcoitinne.

Táthar tar éis an luacháil le haghaidh nochtaí FRS 17 (Athbheithnithe) a bhunú ar luacháil achtúireach iomlán (Eanáir 2011) déanta ag achtúire cáilithe neamhspleách ag cur riachtanais FRS 17 (Athbheithnithe) san áireamh d’fhonn measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime ag 31 Nollaig 2010.

Seo a leanas na príomhthoimhdí airgeadais ag dáta an chláir chomhardaithe:

31/12/10

Ráta lascaine

5.50% sa bhliain

Toradh ionchais ar shócmhainní scéime

n/b

Méaduithe tuarastail inphinsin ionchais na todhchaí

3.50% sa bhliain

Méaduithe pinsean ionchais na todhchaí

3.50% sa bhliain

Ceadaíonn an ráta mortlaíochta go sainráiteach d’fheabhsuithe ar ionchas saoil thar am, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ag aois scoir ar an mbliain ina shlánaíonn comhalta an aois scoir (aois 65). Léiríonn an tábla thíos an t-ionchas saoil atá ann do chomhaltaí a shlánaíonn aois 65 in 2010, 2030 agus 2050.

| Bliain a slánaítear aois 65 | 2010 | 2030 | 2050 |
|------------------------------------|-------------|-------------|-------------|
| Ionchas saoil - fireann | 86.6 | 88.3 | 90.2 |
| Ionchas saoil - baineann | 88.3 | 90.2 | 92.2 |

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

| 13. Sócmhainní seasta doláimhsithe | Scéim | |
|--|---------------------------|--------------------------|
| | Ticéadaithe Comhtháite | Iomlán |
| | € | € |
| Costas | | |
| <u>Breiseanna:</u> | | |
| Aistriú ón nGníomhaireacht um Fháil Iarnród ar 30 Meán Fómhair 2010 | 35,711,826 | 35,711,826 |
| Breiseanna sa tréimhse | | |
| 1 Deireadh Fómhair 2010 go dtí 31 Nollaig 2010 | 4,880,212 | 4,880,212 |
| Ag 31 Nollaig 2010 | <u>40,592,038</u> | <u>40,592,038</u> |
| Glanluachanna leabhair | | |
| Ag 31 Nollaig 2010 | <u>40,592,038</u> | <u>40,592,038</u> |

Tabhair faoi deara: Scéim Ticéadaithe Comhtháite

Tá sócmhainn doláimhsithe na Scéime Ticéadaithe Comhtháite déanta suas de chostais forbartha chaipitlithe a bhaineann le dearadh agus cur chun feidhme an chórais bunaithe ar chárta cliste a sholáthróidh an t-ardán ticéadaithe comhroinnte do sholáthraithe éagsúla an iompair phoiblí i bPoblacht na hÉireann.

Táthar tar éis freagracht a thabhairt don Gníomhaireacht um Fháil Iarnród as dearadh agus cur chun feidhme na Scéime Ticéadaithe Comhtháite. Táthar tar éis freagracht a thabhairt don Údarás Náisiúnta Iompair maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus feidhmiú na Scéime Ticéadaithe Comhtháite. Léiríonn aistriú €35,711,826 amhail ag 30 Meán Fómhair 2010 méid na gcostas forbartha aistrithe chuig an Údarás Náisiúnta Iompair ag an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród maidir le feidhmiú na scéime Ticéadaithe Comhtháite.

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

14. Sócmhainní inláimhsithe

| | Samhail tráchtá € | Troscán & feistis € | Trealamh ríomhaire € | Trealamh DBT € | Iomlán € |
|--|-------------------------|---------------------------|----------------------------|----------------------|------------------|
| Costas | | | | | |
| <u>Breiseanna:</u> | | | | | |
| Ó Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath ar 1 Nollaig 2009 - Costas | 3,695,074 | 69,687 | 321,095 | 137,303 | 4,223,159 |
| Breiseanna sa tréimhse | 128,360 | 10,675 | 127,743 | - | 266,778 |
| Diúscairtí | - | (34,865) | (115,233) | - | (150,098) |
| Ag 31 Nollaig 2010 | <u>3,823,434</u> | <u>45,497</u> | <u>333,605</u> | <u>137,303</u> | <u>4,339,839</u> |
| Dímheas | | | | | |
| Ó Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath ar 1 Nollaig 2009 | 3,243,349 | 40,969 | 287,145 | 90,448 | 3,661,911 |
| Ar dhiúscairtí | - | (20,508) | (114,426) | - | (134,934) |
| Táille don tréimhse | 75,946 | 8,228 | 54,033 | 37,186 | 175,393 |
| Ag 31 Nollaig 2010 | <u>3,319,295</u> | <u>28,689</u> | <u>226,752</u> | <u>127,634</u> | <u>3,702,370</u> |
| Glanluachanna leabhair | | | | | |
| Ag 31 Nollaig 2010 | <u>504,139</u> | <u>16,808</u> | <u>106,853</u> | <u>9,669</u> | <u>637,469</u> |

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

15. Féichiúnaithe

31/12/10

€

Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:

| | |
|---|-----------|
| Méideanna sonrascha dlite | 5,597 |
| Féichiúnaithe eile | 1,809,674 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe | 165,878 |
| | <hr/> |
| | 1,981,149 |
| | <hr/> |

Féichiúnaithe eile: san áireamh i bhféichiúnaithe eile tá iarmhéideanna maidir leo seo a leanas:

31/12/10

€

| | |
|--------------------|-----------|
| Féichiúnaithe eile | 1,032,058 |
| CBL inaisíochtha | 777,616 |
| | <hr/> |
| | 1,809,674 |
| | <hr/> |

Áiríonn féichiúnaithe eile ioncam deontais dlite ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i ndáil le costais na Scéime Ticéadaithe Comhtháite in 2010.

Áiríonn CBL inaisíochtha méideanna dlite leis an Údarás Náisiúnta Iompair ar chostais na Scéime Ticéadaithe Comhtháite.

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

| | |
|--|-----------------|
| 16. Creidiúnaithe: méideanna dlite | 31/12/10 |
| laistigh de bhliain amháin | € |
| Creidiúnaithe trádála | 370,517 |
| PSWT infótha | 848 |
| Tobhaigh agus rannfocaíochtaí pinsean na bhfostaithe infótha leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 203,573 |
| Cánacha eile agus costais leasa shóisialaigh | 72,738 |
| Creidiúnaithe eile | 1,959,416 |
| Fabhruithe agus ioncam iarchurtha | 570,796 |
| | <hr/> |
| | 3,177,888 |
| | <hr/> |

Cánacha eile agus costais leasa shóisialaigh:

| | |
|-------------------|-----------------|
| | 31/12/10 |
| | € |
| Í.M.A.T./Á.S.P.C. | 72,738 |
| | <hr/> |
| | 72,738 |
| | <hr/> |

Tobhaigh agus rannfocaíochtaí pinsean na bhfostaithe infótha leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

San áireamh san fhigiúr seo bhí €121,145 ag léiriú iomlán na dtobhach pinsean asbhainte sa tréimhse.

Íocadh an mhéid seo leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar 14ú Iúil 2011.

Creidiúnaithe eile: san áireamh i gcreidiúnaithe eile tá iarmhéideanna i ndáil leo seo a leanas:

| | |
|--|-----------------|
| | 31/12/10 |
| | € |
| Creidiúnaithe eile | 15,383 |
| Ioncam iarchurtha | 101,977 |
| Dlite leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród le haghaidh costas na Scéime Ticéadaithe Comhtháite 2010 | 988,826 |
| CBL inaisíochta gan íoc le bheith seach0churtha i gcoinne caiteachas caipitil na Scéime Ticéadaithe Comhtháite sa todhchaí | 853,230 |
| | <hr/> |
| | 1,959,416 |
| | <hr/> |

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

17. Cúlchiste Caipitil

31/12/10

€

17.1. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Ag 1 Nollaig 2009

-

Ó Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath:

Cúlchiste Caipitil amhail ag 1 Nollaig 2009

561,247

Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

Ioncam leithdháilte chun críocha caipitil

116,683

Amúchadh i gcomhréir le dímheas

(40,461)

Ag 31 Nollaig 2010

637,469

17.2. Sócmhainní Seasta Doláimhsithe – Scéim Ticéadaithe Comhtháite

Ag 1 Nollaig 2009

-

Ón nGníomhaireacht um Fháil Iarnród:

Luach sócmhainne um chostas tionscadail gnóthaithe

ar 30 Meán Fómhair 2010

35,711,826

Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

Ioncam leithdháilte chun críocha caipitil

4,880,212

Amúchadh i gcomhréir le dímheas

-

Ag 31 Nollaig 2010

40,592,038

Iarmhéid Caipitil – Iarmhéid amhail ag 31 Nollaig 2010

41,229,507

Iomlán don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais

4,956,434

18. Cúlchistí eile

Cuntas
Ioncaim &
Caiteachais
€

Iomlán
€

Farasbarr ó Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath ar 1 Nollaig 2009

48,174

48,174

(Easnamh) don tréimhse

(31,705)

(31,705)

Ag 31 Nollaig 2010

16,469

16,469

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

19. Cánachas

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair díolmhaithe ó Cháin Chorporáide.

20. Ceangaltais airgeadais

Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais um chaiteachas caipitil ag 31 Nollaig 2010

Léasanna Airgeadais

Ní raibh gá leas a bhaint as léasú airgeadais ag 31 Nollaig 2010

Oibleagáidí Cíosa

Tá ceangaltais ar an Údarás Náisiúnta Iompair ag eascairt ó sholáthar na cóiríochta oifige ag Oifig na nOibreacha Poiblí i nDún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 ar chostas €500,000 in aghaidh na bliana.

Deontais Chaipitil

Tá oibleagáidí conartha ag an Údarás Náisiúnta Iompair le hÚdaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí seachadta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath chun maoiniú a sholáthar dóibh i ndáil le tionscadail éagsúla. Ag 31ú Nollaig 2010, tá méid cothrom le €248.01m fós le tarraingt anuas ar thionscadail fhaofa mar seo a leanas:

| | 31/12/10 € |
|---|----------------|
| Iarnród Éireann | 144.87m |
| An Gníomhaireacht um Fháil Iarnród | 68.4m |
| Scéim Ticéadaithe Comhtháite | 14.14m |
| Bainistíocht Tráchta & Tionscadail Eile | 20.6m |
| IOMLÁN | 248.01m |

21. Imeachtaí Iar-Chláir Comhardaithe

Ar 1 Eanáir 2011 comhchuimsíodh an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe san Údarás Náisiúnta Iompair. Cheap Ionstraim Reachtúil Uimh. 614 de 2010 an 1 Eanáir 2011 mar an lá le haghaidh lánscoir an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe.

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

22. Ollsreabhadh Airgid

31/12/10

€

Caiteachas caipitil

Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a ghnóthú

(266,778)

23. Anailís ar athruithe i nglanchistí

Sreabha
airgid

Iarmhéid
deiridh

€

€

Airgead sa bhanc agus ar láimh

1,213,208

1,213,208

Glanclistí

1,213,208

1,213,208

24. Tionscadail riartha thar ceann comhlachtaí eile

Scoileanna Glasa

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag comhordú an idirchaidrimh idir Modúl Taistil na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus deimhniú na n-íocaíochtaí leis An Taisce mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Seirbhíse idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus na coinníollacha deontais idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus An Taisce.

25. Leasanna na gComhaltaí Coiste

Ghlac Bord an Údaráis Náisiúnta Iompair le gnáthaimh i gcomhréir le treoirlínte eisithe faoin gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit maidir leis an nochtadh leasanna ag comhaltaí Coiste agus cloíodh leis na gnáthaimh seo sa tréimhse. Ní raibh aon idirbhearta sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Choiste ina raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Choiste.

RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE 13 MHÍ DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Údarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don tréimhse 13 mhí dar críoch 31 Nollaig 2010

..... ar lean

26. Faomhadh na ráiteas airgeadais

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 25^ú Márta 2011.